An Coimisiún Pleanála

# Nósanna Imeachta Cinnteoireachta – Samhain 2025

## Clár Ábhar

1 Príomhphrionsabail an Phróisis Cinnteoireachta .......... 3
1.1 An Próiseas Cinnteoireachta – Forbhreathnú 3
1.2 Céim 1 – Próiseáil Riaracháin (Scagadh) 4
1.3 Céim 2 – Iniúchadh / Tuarascáil agus Moladh (Anailísiú) 4
1.4 Céim 3 – Cinneadh an Choimisiúin (Cinneadh) 7
2 Coinbhleachtaí Leasa .......... 9
3 Nósanna Imeachta Sonracha sa Phróiseas Cinnteoireachta .......... 9
3.2 – Cáschomhaid a Shannadh – an Chigireacht 9
3.3 Cáschomhaid a Shannadh – Coimisinéirí Pleanála 10
3.3 Coinneáil Taifead, Faireachán/Seiceálacha Cruinnis 12
3.4 Comhdhéanamh Chruinnithe an Choimisiúin 12
4.1 Cruinniú an Choimisiúin – Coinbhleacht Leasa .......... 13
4.5 Cruinniú an Choimisiúin – Cinnteoireacht 15
4.6 An tOrdachán ón gCoimisiún 17
4.7 An TOrdú ón gCoimisiún – An Cinneadh Foirmiúil 19
5 Tar éis an Cinneadh a Dhéanamh .......... 20
5.1 Rochtain Phoiblí .......... 20
6 Athbhreithniú Breithiúnach .......... 20
7 Aguisíní .......... 21

# 1 Príomhphrionsabail an Phróisis Cinnteoireachta

Déantar cinntí ar chásanna ag cruinniú de chuid Choimisinéirí Pleanála an Choimisiúin Pleanála. Is éard atá sna Coimisinéirí Pleanála ná an Príomh-Choimisinéir Pleanála, an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála agus líon nach mó ná 13 ghnáth-Choimisinéir Pleanála. Oibríonn Coimisinéirí i gcáil lánaimseartha agus is iadsan a dhéanann cinntí ar chásobair. Comhlíonann an Coimisiún ról leathbhreithiúnach. Is ag cruinniú de chuid Coimisinéirí Pleanála a bhíonn an t-aonad cinnteoireachta, agus triúr Coimisinéirí ar a laghad i láthair aige.

Agus cinntí á ndéanamh aige nó aici, déanfaidh an Coimisinéir Pleanála:

- A ghnó nó a gnó a sheoladh ar bhealach cothrom, neamhspleách agus oscailte,
- A chinntiú nach mbíonn aon choinbhleachtaí leasa, aon chlaontacht ná aon bhraistint claontachta ann sa phróiseas cinnteoireachta,
- Gníomhú go neamhchlaonta agus breithniú a dhéanamh ar gach dearcadh iomchuí ar chásanna a thagann os a chomhair nó a comhair le haghaidh cinnidh,
- Cloí go seasmhach leis an reachtaíocht iomchuí agus aird a thabhairt ar an bhfaisnéis agus ábhar iomchuí ar fad atá ar an gcáschomhad, agus
- Gach cinneadh pleanála a bhunú ar phrionsabail pleanála cuí agus forbartha inchothaithe.

Déantar na cinntí ón gCoimisiún i gcomhthéacs na gceanglas agus na n-oibleagáidí uile atá leagtha amach sa Chód Iompair 2025 uaidh, ar cód athbhreithnithe agus nuashonraithe é – féach **Aguisín**

## 1.1 An Próiseas Cinnteoireachta – Forbhreathnú

Déanann baill foirne riaracháin cáschomhaid a phróiseáil agus a ullmhú. Sa chuid is mó de chásanna, ullmhaíonn duine de chigirí pleanála an Choimisiúin tuarascáil i scríbhinn. Tá measúnú ar an gcás sna tuarascálacha agus tugtar moladh don Choimisiún iontu. Déanann an Coimisiún, ina cháil mar chinnteoir, measúnú ar an

gcomhad ina iomláine agus is féidir leis a chinneadh glacadh le moladh ó chigire nó gan glacadh leis. Ní mór don Choimisiún cúiseanna a thabhairt leis na cinntí uaidh agus, i gcásanna ina bhfuil difríocht idir an cinneadh substainteach uaidh iarratas a dheonú nó a dhiúltú agus an moladh ón gcigire, ní mór don Choimisiún a mhíniú i scríbhinn freisin cén fáth ar tháinig sé ar chonclúid dhifriúil. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an cás a chur siar chun an ní a bhreithniú tuilleadh, nó chun tuilleadh faisnéise a lorg nó chun barúlacha a iarraidh ar shaincheisteanna nua nó chun sonraí a scaipeadh ar na páirtithe.

## 1.2 Céim 1 – Próiseáil Riaracháin (Scagadh)

1.2.1 Déantar cásanna a bhailíochtú/a chur ó bhail i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla i leith gach cineáil cáis ar leith.

1.2.1 Tá rannpháirtíocht an phobail agus an ceart freagartha leagtha amach sna scéimeanna reachtúla lena rialaítear feidhmeanna an Choimisiúin.

1.2.2 Cruthaíonn baill foirne riaracháin comhaid ina bhfuil doiciméadacht iarratais agus achomhairc agus aighneachtaí. Aistrítear na comhaid ansin chuig baill foirne na Cigireachta.

De ghnáth, tógann an chéim sin cúig seachtaine, ag brath ar chineál an cháis. Leagtar mionsonraí faoi na nósanna imeachta atá i gceist amach sna lámhleabhair ó bhaill foirne riaracháin.

## 1.3 Céim 2 – Iniúchadh / Tuarascáil agus Moladh (Anailísiú)

1.3.1 Déanann an Cigire tuairiscithe measúnú ar dhoiciméadacht an chomhaid i leith gach cáis, rud lena n-áirítear an t-iarratas agus a bhféadfadh go n-áireofaí leis tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta agus/nó Ráiteas Tionchair Natura agus aon achomhairc agus aighneachtaí a rinneadh i leith an cháis.

Sa chuid is mó de chásanna, déantar iniúchadh láithreáin.

1.3.2 Ag brath ar chineál an cháis, nó ar na saincheisteanna a thagann chun cinn, féadfaidh an cigire comhairle a lorg ó shainbhaill foirne inmheánacha, (e.g., éiceolaí,

eolaí muirí, baill foirne gnóthaí dlí, nó an painéal sainchomhairleoirí seachtracha atá curtha ar bun nó sainchomhairleoirí eile de réir mar is cuí).

Féadfaidh an Cigire faisnéis bhreise a lorg nó doiciméadacht a scaipeadh.

1.3.3 Tar éis measúnachta, ullmhaíonn an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Choimisiún. Tá próiseas dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm sa Chigireacht freisin, rud lena n-áirítear meantóireacht éifeachtach do Chigirí, agus rialú cáilíochta ar na tuarascálacha ó Chigirí. Aistrítear an comhad ansin chuig rannóg tacaíochta na Cigireachta lena chur ar aghaidh chuig an Rannóg Dréachtaithe de réir prótacail rialaithe inmheánaigh maidir le taifeadadh na gluaiseachta sa chóras bainistíochta cásanna agus ar chlúdach an chomhaid.

In imthosca áirithe (mar shampla, iarraidh ar éisteacht ó bhéal), féadfaidh an Cigire an comhad a sheoladh chuig an gCoimisiún le haghaidh réamhbhreithniú ar ní/nithe ar leith, rud a bhféadfadh go gceanglófaí ordachán ón gCoimisiún ina leith. Beidh meabhrán chuige sin le feiceáil ar an gcomhad agus cuirfear na rialuithe inmheánacha uile maidir le gluaiseacht an chomhaid i gcrích.

1.3.4 Leagtar amach i nótaí comhairle/i lámhleabhar na Cigireachta mionsonraí faoi na nósanna imeachta/faoin treoir ar fad a bhaineann le tuarascálacha/moltaí ó Chigirí a ullmhú. I ngnáthchásanna achomhairc pleanála, tógann an chéim sin naoi seachtaine de ghnáth.

**Cinneadh chun éisteacht ó bhéal nó cruinniú a thionól**

1.3.5 Is féidir le rannpháirtithe i bhformhór na gcineálacha cásanna éisteacht ó bhéal a iarraidh. I gcásanna casta nó i gcás go bhfuil saincheisteanna suntasacha náisiúnta nó áitiúla i gceist, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh éisteacht ó bhéal a bheidh faoi chathaoirleacht an Chigire tuairiscithe a thionól. Is é is éisteacht ó bhéal ann ná cruinniú poiblí ag ar féidir saincheisteanna iomchuí i gcás ar leith a phlé agus a scrúdú. Is féidir éisteachtaí ó bhéal a thionól in oifig an Choimisiúin Pleanála, in ionad neodrach atá gar do shuíomh na forbartha beartaithe, nó ar líne, nó trí mheascán den dá rud. Tá lánrogha ag an gCoimisiún maidir le cé acu a thionólfar éisteacht ó bhéal nó nach dtionólfar.

1.3.6 Is féidir leis an gCoimisiún a ordú freisin go gcuirfear éisteacht ó bhéal ar siúl nuair nach ndéantar aon iarraidh ina leith, ag brath ar chineál na forbartha beartaithe.

Féadfar éisteacht ó bhéal a bhfuil clár oibre teoranta aici a ordú freisin, ag brath ar na saincheisteanna atá i gceist.

1.3.7 Tá an fheidhm chun éisteacht ó bhéal a dheonú tarmligthe ag an gCoimisiún chuig Lucht Bainistíochta na Cigireachta i gcásanna inar mhol an Cigire, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarraidh agus ar mhionsonraí an cháis, go dtionólfaí éisteacht ó bhéal.

1.3.8 In imthosca ina bhfuarthas iarraidh ar éisteacht ó bhéal agus ina molann an Cigire, tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcás, **diúltú** éisteacht ó bhéal a thionól, cuirfear an comhad faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh cinnidh. Tionólfar cruinniú den Choimisiún chun cinneadh a dhéanamh ar an gceist arb éard í éisteacht ó bhéal a dheonú nó gan éisteacht ó bhéal a dheonú.

1.3.9 Déantar an cinneadh a thaifeadadh ar chóras bainistíochta cásanna an Choimisiúin. Nuair atá iarraidh ar éisteacht ó bhéal déanta ag páirtí sa chás, tugtar fógra do na páirtithe agus na breathnóirí uile i dtaobh an chinnidh ar an éisteacht ó bhéal.

## 1.4 Céim 3 – Cinneadh an Choimisiúin (Cinneadh)

1.4.1 **Sna himthosca uile**, déanann an Coimisiún na cinntí uaidh ar bhonn phleanáil chuí agus fhorbairt inchothaithe an limistéir.

Is é triúr an líon íosta Coimisinéirí Pleanála a cheanglaítear a bheith i láthair ag cruinniú chun cinneadh a dhéanamh ar chás. Gairtear córam de sin. Mar sin féin, is féidir aon chás a ghéarú chuig cruinniú de na Coimisinéirí uile atá ar fáil nó chuig cruinniú de líon níos mó Coimisinéirí más cuí leis an bPríomh-Choimisinéir Pleanála nó leis an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála, mar atá mionsonraithe sa nóta maidir le géarú.

1.4.2 Féadfaidh an Bord Rialaithe a ordú go mbunófaí cibé líon rannán de na Coimisinéirí Pleanála is cuí leis a chomhdhéanamh i gcás go measann sé gur gá é sin chun gnó an Choimisiúin a sheoladh go héifeachtúil agus go pras.

I gcás go dtugtar ordachán, comhdhéanfaidh an Príomh-Choimisinéir Pleanála an líon rannán a luaitear san ordachán agus, tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin, sannfaidh sé nó sí líon leordhóthanach Coimisinéirí Pleanála chun gnó den sórt sin a sheoladh.

I gcás go measann an Príomh-Choimisinéir Pleanála gur gá é sin, chun críocha cinntí a dhéanamh go héifeachtúil agus go pras ar chineálacha áirithe cásanna, féadfaidh an Príomh-Choimisinéir Pleanála cibé líon rannán is cuí leis nó léi a bhunú agus an gnó a bheidh le déanamh aige agus líon leordhóthanach Coimisinéirí Pleanála chun an gnó sin a sheoladh a shannadh do gach rannán.

1.4.3 Is é nó í an Coimisinéir ceannais ar leithdháileadh an comhad air nó uirthi a chuireann gach comhad ar leith i láthair ag cruinniú den Choimisiún. Ag brath ar an gcineál cáis, féadfar cuireadh a thabhairt do Chigire freastal ar chruinniú an Choimisiúin chun láithreoireacht a thabhairt ar mhionsonraí an cháis, agus déantar a láithreacht a thaifeadadh mar chuid den taifead cruinnithe. Imíonn an Cigire sula ndéanann na Coimisinéirí measúnú ar an gcás. Féach **Aguisín F**: An Prótacal maidir le Láithreoireachtaí ó Chigirí.

Agus cás á bhreithniú aige, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fad atá ar an gcáschomhad a bhreithniú agus a mheasúnú.

1.4.4 I gcás gnáthachomhairc phleanála, ní cheadaítear don Choimisiún leis na forálacha reachtúla toiliú a dheonú ach amháin d'fhorbairt bheartaithe a dhiúltaigh an t-údarás pleanála ar an mbonn go mbeadh sí ina sárú ábhartha ar phlean forbartha údaráis pleanála áitiúil i gcás go meastar go bhfuil feidhm ag imthosca sonracha atá leagtha amach sa reachtaíocht.

1.4.5 De ghnáth, ceanglaítear ar an gCoimisiún caitheamh le hiarratas pleanála is ábhar d'achomharc amhail is dá mba rud é go ndearnadh é chuige ar an gcéad dul síos (de novo) agus ní trí thagairt a dhéanamh don chinneadh ón údarás pleanála áitiúil ar an iarratas agus ar an mbealach sin amháin.

1.4.6 I gcás iarratais dhíreacha chuig an gCoimisiún Pleanála, amhail iarratais ar fhorbairt bheartaithe bonneagair straitéisigh, níl aon chinneadh roimhe sin ón údarás pleanála áitiúil ann ach beidh aon tuairimí ón údarás pleanála áitiúil ar an bhforbairt bheartaithe curtha faoina bhráid lena mbreithniú.

**Teorainneacha Ama le haghaidh Cásanna a Chinneadh**

1.4.7 Tá tréimhse ama cuspóra reachtúil ag an gCoimisiún chun cásanna a chinneadh. Sa chuid is mó de chásanna, lena n-áirítear achomhairc phleanála, is gnách gurb ionann an tréimhse cuspóra reachtúil agus 18 seachtaine dar tosach dáta fála an cháis. I roinnt cineálacha cásanna, níl aon tréimhse ama cuspóra socraithe le dlí. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún an tréimhse ama cuspóra reachtúil a chomhlíonadh, ní mór dó scríobh chuig na rannpháirtithe uile chun an méid sin a chur in iúl agus chun dáta nua a thabhairt faoina bhfuil sé beartaithe aige an cás a chinneadh.

# 2 Coinbhleachtaí Leasa

2.2.1 Le halt 523 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, ceanglaítear buandearbhú bliantúil maidir le leasanna áirithe ó gach Coimisinéir agus gach Ball Foirne atá ag fónamh. Ina theannta sin, ceanglaítear le halt 574 den Acht ar Choimisinéir, ar bhall foirne agus ar shainchomhairleoirí aon leas airgeadais nó dlíthiúil i gcás a thagann os comhair an Choimisiúin le haghaidh cinnidh a dhearbhú agus iad féin a scaoileadh ón gcás i gcás go sainaithnítear é sin.

2.2.2 Faoi alt 501 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, ceanglaítear ar an gCoimisiún Pleanála cód iompair a ghlacadh chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail in ionracas sheoladh a ghnó a chur chun cinn.

2.2.3 Ar aon dul leis an gceanglas reachtúil seo, leagtar amach sa Chód Iompair ráiteas i scríbhinn faoi bheartais an Choimisiúin Pleanála i ndáil le roinnt réimsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa nó le braistint go bhfuil coinbhleacht leasa, claontacht nó claontacht oibiachtúil ann. Leagtar amach sa Chód freisin na ceanglais reachtúla i ndáil leis na dearbhuithe sonracha atá leagtha amach in ailt 523 agus 574 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus na ceanglais den chineál céanna faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

Tá an doiciméad seo le léamh i gcomhthéacs na gceanglas agus na n-oibleagáidí uile atá leagtha amach sa Chód Iompair 2025 atá glactha agus i gcomhthéacs na bpróiseas dearbhaithe reachtúil atá leagtha amach sna hAchtanna iomchuí.

# 3 Nósanna Imeachta Sonracha sa Phróiseas Cinnteoireachta

## 3.2 – Cáschomhaid a Shannadh – an Chigireacht

3.2.1 Tá prionsabail an tsannta comhad ar leibhéal na Cigireachta bunaithe ar phrionsabail na cothroime, an chothromais, na neamhchlaontachta agus na héagsúlachta i gcineál na cásoibre sannta, agus aird chuí tugtha ar shainscileanna agus ar shaineolas freisin. Is príomhthosca taobh thiar de shannadh na gcáschomhad a chinneadh a bheidh i solúbthacht ó thaobh bhainistíocht fhoriomlán

an lín cásanna ar fud na Cigireachta, faoi threoir beartú tosaíochta comhaontaithe cásanna, a bheidh i bhfeidhmíocht ghinearálta agus a bheidh i gcomhlíonadh na dtréimhsí cuspóra reachtúil de réir mar is cuí.

Tagann cineál na gcáschomhad faoi dhá chatagóir ar leith den chuid is mó: gnáthachomhairc phleanála; agus iarratais dhíreacha. Áirítear le hiarratais dhíreacha Tionscadail Údaráis Áitiúil agus Forbairtí Bonneagair Straitéisigh agus/nó meascán den dá rud (Forbairtí Bonneagair Straitéisigh/Tionscadail Údaráis Áitiúil) agus iarratais (lena n-áirítear cásanna comhchomhairliúcháin réamhiarratais) faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021. Is gnách go mbíonn foirne laistigh den Chigireacht ailínithe leis na catagóirí sin.

Is gnách gur ar bhonn limistéar geografach a shanntar comhaid d'fhoirne Cigireachta a bhíonn ag déileáil le Gnáthachomhairc Phleanála. Is é nó í an Stiúrthóir Cúnta Pleanála a bhaineann leis an bhfoireann limistéir gheografaigh ar leith a dhéanann comhaid a shannadh do Chigirí. Tá freagracht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Cúnta Pleanála as bainistíocht agus feidhmíocht a fhoirne Cigirí nó a foirne Cigirí.

Ag brath ar an ualach oibre agus ar an gcineál cásanna, is féidir cáschomhaid ar leith a shannadh d'fhoireann Cigirí ar bhonn a saineolais i gcomhthéacs na riachtanas oibriúcháin foriomlán.

3.2.2 Ní féidir le haon Chigire a iarraidh go sannfaí cáschomhad ar leith dó nó di.

3.2.3 Ní mór do gach Cigire a sanntar cáschomhad dó nó di an fhoirm dearbhaithe coinbhleachtaí leasa riachtanach a chomhlánú agus ní mór í sin a shíniú agus a choinneáil ar an gcáschomhad. Ní mór do gach Cigire clabhsúr a chur leis an tuarascáil uaidh nó uaithi leis an mír iomchuí ina ndeimhnítear gurb í an tuarascáil agus an moladh a thuairim ghairmiúil féin nó a tuairim ghairmiúil féin agus nach raibh aon tionchar míchuí ann maidir leis an moladh uaidh nó uaithi.

Tá tuilleadh mionsonraí a bhaineann leis an méid thuas leagtha amach i lámhleabhar na Cigireachta.

## 3.3 Cáschomhaid a Shannadh – Coimisinéirí Pleanála

3.3.1 3.2.1 Tá prionsabail an tsannta comhad ar leibhéal na Cigireachta bunaithe ar phrionsabail na cothroime, an chothromais, na neamhchlaontachta agus na

héagsúlachta i gcineál na cásoibre sannta, agus aird chuí tugtha ar shainscileanna agus ar shaineolas freisin. Is príomhthosca taobh thiar de shannadh na gcáschomhad a chinneadh a bheidh i solúbthacht ó thaobh bhainistíocht fhoriomlán an lín cásanna ar fud na Cigireachta, faoi threoir beartú tosaíochta comhaontaithe cásanna, a bheidh i bhfeidhmíocht ghinearálta agus a bheidh i gcomhlíonadh na dtréimhsí cuspóra reachtúil de réir mar is cuí.

Tagann cineál na gcáschomhad faoi dhá chatagóir ar leith den chuid is mó: gnáthachomhairc phleanála; agus iarratais dhíreacha. Áirítear le hiarratais dhíreacha Tionscadail Údaráis Áitiúil agus Forbairtí Bonneagair Straitéisigh agus/nó meascán den dá rud (Forbairtí Bonneagair Straitéisigh/Tionscadail Údaráis Áitiúil) agus iarratais (lena n-áirítear cásanna comhchomhairliúcháin réamhiarratais) faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021. Is gnách go mbíonn foirne laistigh den Chigireacht ailínithe leis na catagóirí sin.

Is gnách gur ar bhonn limistéar geografach a shanntar comhaid d'fhoirne Cigireachta a bhíonn ag déileáil le Gnáthachomhairc Phleanála. Is é nó í an Stiúrthóir Cúnta Pleanála a bhaineann leis an bhfoireann limistéir gheografaigh ar leith a dhéanann comhaid a shannadh do Chigirí. Tá freagracht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Cúnta Pleanála as bainistíocht agus feidhmíocht a fhoirne Cigirí nó a foirne Cigirí.

Ag brath ar an ualach oibre agus ar an gcineál cásanna, is féidir cáschomhaid ar leith a shannadh d'fhoireann Cigirí ar bhonn a saineolais i gcomhthéacs na riachtanas oibriúcháin foriomlán.

3.3.2 Ní féidir le haon Chigire a iarraidh go sannfaí cáschomhad ar leith dó nó di.

3.3.3 Ní mór do gach Cigire a sanntar cáschomhad dó nó di an fhoirm dearbhaithe coinbhleachtaí leasa riachtanach a chomhlánú agus ní mór í sin a shíniú agus a choinneáil ar an gcáschomhad. Ní mór do gach Cigire clabhsúr a chur leis an tuarascáil uaidh nó uaithi leis an mír iomchuí ina ndeimhnítear gurb í an tuarascáil agus an moladh a thuairim ghairmiúil féin nó a tuairim ghairmiúil féin agus nach raibh aon tionchar míchuí ann maidir leis an moladh uaidh nó uaithi.

Tá tuilleadh mionsonraí a bhaineann leis an méid thuas leagtha amach i lámhleabhar na Cigireachta.

## 3.3 Coinneáil Taifead, Faireachán/Seiceálacha Cruinnis

Chun críocha faireacháin, ginfear tuarascálacha ina ngabhfar mionsonraí faoi leithdháileadh comhad ar Choimisinéirí, comhdhéanamh chruinnithe an Choimisiúin, agus mionsonraí faoi chineálacha cásanna agus faisnéis iomchuí eile. Seolfar na tuarascálacha sin chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/chuig an bPríomhoifigeach gach ráithe lena n-athbhreithniú chun a chinntiú nach bhfuil aon neamhrialtachtaí suntasacha/aon phatrúin neamhghnácha ann sa dáileadh comhad agus sa chinnteoireacht.

Déanfaidh baill foirne sa rúnaíocht seiceáil ar thaifid chruinnithe an Choimisiúin ar bhonn leanúnach chun cruinneas na gabhála sonraí a chinntiú, chun a chinntiú nach ndearnadh aon earráidí le linn na réimsí sonraí a chomhlánú, agus gur comhlánaíodh na mionsonraí/réimsí iomchuí uile, de réir mar is cuí roimh fhoilsiú ar an suíomh Gréasáin

## 3.4 Comhdhéanamh Chruinnithe an Choimisiúin

3.4.1 Ullmhaíonn baill foirne sa Rúnaíocht, i gcomhairle leis an bPríomh-Choimisinéir Pleanála/leis an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála, sceideal seachtainiúil de chruinnithe an Choimisiúin ar bhonn infhaighteacht na gCoimisinéirí Pleanála, agus cineálacha cásanna ar leith á gcur san áireamh ar ina leith a d'fhéadfadh go n-éileofaí cruinniú de na Coimisinéirí uile atá ar fáil, cruinniú de Choimisiún a bhí comhdhéanta roimhe sin chun déileáil le comhad iarchurtha, nó cruinniú ina bhfuil comhdhéanamh níos mó (níos mó ná triúr).

3.4.2 Leagtar amach i ngach cruinniú atá sceidealaithe ainmneacha gach Coimisinéara atá le freastal air, mar aon leis an dáta, an t-am agus suíomh an tseomra.

3.4.3 Coinnítear taifid ar na sceidil sheachtainiúla ar chórais an Choimisiúin agus tugtar cóipeanna crua do na Coimisinéirí uile roimh an sceideal seachtainiúil freisin.

3.4.4 Déantar an sceideal a nuashonrú de réir mar is gá, agus taifead ar na hathruithe uile coinnithe agus curtha ar fáil.

3.4.5 Bíonn an sceideal seachtainiúil ar fáil freisin ar inlíon an Choimisiúin Pleanála.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na nósanna imeachta leagtha amach i lámhleabhar na Rúnaíochta.

## 4.1 Cruinniú an Choimisiúin – Coinbhleacht Leasa

4.4.1 Agus cáschomhaid á gcinneadh ag cruinnithe an Choimisiúin, ceanglaítear ar gach Coimisinéir Pleanála foirm a chomhlánú ina dtagraítear do gach cáschomhad atá faoi bhreithniú ag gach cruinniú a thionóltar. Tá an fhoirm "Deimhniú maidir le Coinbhleachtaí Leasa le linn don Choimisiún cáschomhaid a bhreithniú" faoi iamh ag **Aguisín C**.

4.4.2 Ag cruinniú den Choimisiún, déanann an Coimisinéir Pleanála ceannais príomh-mhionsonraí cáis (suíomh agus rannpháirtithe, lena n-áirítear na páirtithe uile a rinne achomhairc nó aighneachtaí) a chur in iúl do gach Coimisinéir Pleanála. Ceanglaítear ar gach Coimisinéir Pleanála an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a chinneadh an bhfuil coinbhleacht leasa ann nó nach bhfuil, sula ndéantar gach comhad a bhreithniú ag an gcruinniú. Má shainaithnítear coinbhleacht leasa ag an gcéim sin, ní chuirfear an cáschomhad i láthair ag an gcruinniú. Ag deireadh an chruinnithe, ní mór do gach Coimisinéir a d'fhreastail ar an gcruinniú an fhoirm coinbhleachtaí a shíniú chun a dheimhniú, de réir mar is fearr is eol dóibh, nár tháinig aon choinbhleacht leasa ná aon cheist claontachta oibiachtúla chun cinn i ndáil le haon cheann de na cáschomhaid ar déileáladh leo. Déantar an taifead sínithe sin le haghaidh gach cáschomhaid a bhreithnítear a chur ar ais chuig an Oifigeach Eitice lena chomhdú agus lena choinneáil.

4.4.3 Ar aon ócáid ina ndearbhaíonn Coimisinéir Pleanála leas i ndáil le cás ar leith, nó ina measann sé nó sí go bhféadfadh go dtiocfadh claontacht oibiachtúil chun cinn le linn cás a chur i láthair ag cruinniú, agus ina meastar gur údar é sin leis an gCoimisinéir sin a scaoileadh ón gcás, ansin ní mór an cáschomhad a bhaint den chruinniú ar leith agus breithneofar é ina ionad sin ag cruinniú eile den Choimisiún. Déanfar é sin a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta cásanna agus seolfar nóta chuig an Oifigeach Eitice freisin.

4.4.4 I gcás go dtagann ceist chun cinn maidir le coinbhleacht leasa fhéideartha, agus go measann cathaoirleach an chruinnithe nach bhfuil aon údar le scaoileadh, (nó, ar cheist den sórt sin a tharchur chuig Príomh-Choimisinéir Pleanála nó Leas-

Phríomhchoimisinéir Pleanála an Choimisiúin, go measann an Príomh-Choimisinéir Pleanála nó an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála nach bhfuil aon údar le diúltú), ní mór é sin a thaifeadadh i bhformáid meabhráin agus a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Eitice. Ní mór do chathaoirleach an chruinnithe nóta chuige sin a ullmhú agus ní mór an fhaisnéis a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta cásanna freisin, agus ní mór an tOifigeach Eitice a chur ar an eolas de réir an Chóid Iompair. Féach an fhoclaíocht shamplach atá faoi iamh in **Aguisín D**.

4.4.5 Más rud é gur sainaithníodh coinbhleacht leasa nó ceist claontachta nó ceist claontachta atá braite go hoibiachtúil agus go gcinntear go bhfuil údar le scaoileadh nó le comhad a bhaint, ansin ní ceadmhach don Choimisinéir Pleanála scaoilte rochtain a fháil ar na taifid bunachar sonraí bainistíochta cásanna don cháschomhad tráth ar bith le linn shaolré an cháis sin. Ní fhéadfaidh sé nó sí déanamh amhlaidh ach amháin tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe i dtaobh an chinnidh ar an gcás.

4.4.6 I gcás go gcinntear go bhfuil údar le scaoileadh, ní ghlacfaidh an Coimisinéir Pleanála atá i gceist páirt in aon chruinniú ina dhiaidh sin ag a ndéantar an cás a phlé nó a chinneadh (ná in aon chuid de), ná ní fhreastalóidh sé nó sí ar aon chruinniú den sórt sin (ná ar aon chuid de). Ní dhéanfar aon doiciméid de chuid an Choimisiúin a bhaineann le haon phléití maidir le haon ábhar a bhfuil coinbhleacht nó leas ábhartha ag Coimisinéir Pleanála ann a chur ar fáil don Choimisinéir lena mbaineann, agus ní bhfaighidh an Coimisinéir lena mbaineann rochtain orthu, le linn shaolré an cháis sin.

4.4.7 Ní fhéadfaidh aon Choimisinéir Pleanála a dhearbhaigh leas i gcás agus a scaoileadh an cás a phlé le Coimisinéirí Pleanála eile le linn shaolré an cháis. I gcás go dtarlaíonn sé sin de thaisme, ní mór don Choimisinéir a bhfuil coinbhleacht aige nó aici scor den chomhrá lom láithreach. Ba cheart aon teagmhas den sórt sin a thuairisciú don Phríomh-Choimisinéir Pleanála agus don Oifigeach Eitice. Ar mhaithe le soiléire, ní ceadmhach don Choimisinéir Pleanála atá ag déanamh an dearbhaithe ceist a chur faoi chineál aon chinnidh atá ag teacht chun cinn agus ní ceadmhach d'aon duine a gcuirtear ceist den sórt sin air nó uirthi (e.g., ball foirne sa Rannóg Dréachtaithe) an fhaisnéis a sholáthar agus ní mór dó nó di an tOifigeach Eitice a chur ar an eolas faoin gceist a cuireadh.

Déantar tuarascáil mhíosúil ina ngabhtar an líon cásanna inar tháinig coinbhleacht leasa chun cinn ag an gcruinniú a ghiniúint mar chuid den ghnáth-thuairisciú míosúil don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, don Choiste Bainistíochta agus don Phríomh-Choimisinéir Pleanála/don Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála.

## 4.5 Cruinniú an Choimisiúin – Cinnteoireacht

4.5.1 Ceaptar cathaoirleach ag gach cruinniú cinnteoireachta chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú. Is ar an bPríomh-Choimisinéir Pleanála nó ar an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála a thitfidh an ról sin má bhíonn sé nó sí i láthair ag an gcruinniú. Is é nó í an Coimisinéir Pleanála ar sannadh an comhad dó nó di atá freagrach as an gcomhad a chur i láthair ag cruinniú den Choimisiún. Le linn na bpléití, ní mór éisteacht leis na hionchuir iomchuí uile ón gCoimisinéir Pleanála agus, i ndáil leis sin, éascóidh cathaoirleach an chruinnithe plé oscailte agus rannchuidithe cothroma ó na Coimisinéirí uile. Ní mór do na Coimisinéirí Pleanála ag an gcruinniú teacht ar chonclúid agus ar chinneadh atá réasúnaithe agus cothromaithe. Tá vóta ag gach Coimisinéir ag an gcruinniú. Déantar toradh an vóta i dtéarmaí uimhriúla a thaifeadadh i dtaifead cruinnithe an Choimisiúin, rud a chuirtear ar fáil don phobal ansin.

4.5.2 I gcásanna áirithe, féadfar cuireadh a thabhairt don Chigire a thug tuairisc ar an gcás an cás a chur i láthair na gCoimisinéirí Pleanála ag an gcruinniú. Díreoidh Coimisinéirí Pleanála ar cheisteanna a chur faoi mhionsonraí an cháis/faoin reachtaíocht/faoin gcomhthéacs beartais. **Ní** ceadmhach do Choimisinéirí caidreamh a dhéanamh leis an gCigire maidir leis na gnéithe den mheasúnú agus de na moltaí ón Chigire nach cuid den láithreoireacht iad. Ní ghlacann an Cigire atá ag cur an cháis i láthair páirt in aon phléití ar an gcás agus fágann sé nó sí an cruinniú roimh phléití na gCoimisinéirí. Is é nó í an Coimisinéir Pleanála sannta a bheidh freagrach fós as bainistíocht fhoriomlán an cháis ar leibhéal an Choimisinéara. (Féach na Prótacail/an Lámhleabhar do Chigirí agus **Aguisín F**).

4.5.3 Ó am go ham, má thagann an Príomh-Choimisinéir Pleanála/an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála ar an eolas faoi chás atá casta go mór agus a thagann chun cinn ar leibhéal an Choimisinéara, féadfaidh sé nó sí a chinneadh roimh aon chruinniú den Choimisiún gur cheart an cás a ghéarú lena chinneadh ag

cruinniú de na Coimisinéirí Pleanála uile atá ar fáil, nó ag córam méadaithe Coimisinéirí, in ionad an ghnáthchóraim ina bhfuil triúr. Chomh maith leis sin, le linn aon chruinnithe den Choimisiún, féadfaidh aon Choimisinéir atá i láthair agus atá den tuairim go mbeadh údar leis an gcás atá i gceist a chinneadh ag comhdhéanamh Coimisinéirí Pleanála níos mó a iarraidh go ndéanfaí an cás a bhreithniú/a ghéarú chuig cruinniú a bhfuil comhdhéanamh Coimisinéirí níos mó aige agus an ní sin a chur faoi bhráid an Phríomh-Choimisinéara Pleanála/an Leas-Phríomhchoimisinéara Pleanála lena chinneadh. Sna cásanna sin, taifeadtar an cinneadh chun 'cur siar' ar Thaifead Cruinnithe an Choimisiúin ar an gcóras bainistíochta cásanna, agus comhlánaítear ordachán ón gCoimisiún ina leagtar amach an chúis leis an gcur siar agus go bhfuil an ní le breithniú anois ag córam méadaithe Coimisinéirí. D'fhéadfadh sé sin teacht chun cinn, mar shampla, i gcás go measann an Coimisinéir go dtarraingítear anuas sa chás saincheist a bhfuil iarmhairt níos leithne aici don chinnteoireacht, de bhun chastacht an bheartais nó mar gheall ar na mionsonraí laistigh den chás, mar shampla, agus go rachfaí chun tairbhe don phlé agus don chinneadh dá mbeadh raon níos leithne ionchuir ann ar leibhéal an Choimisinéara Pleanála.

4.5.4 Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh glacadh leis an moladh ón gCigire ar chás nó gan glacadh leis. I gcás go gcinneann an Coimisiún gan glacadh leis an moladh ón gCigire cead le haghaidh iarratais a dheonú nó a dhiúltú, ní mór don Choimisiún, de réir dlí, an **phríomhchúis**/na **príomhchúiseanna** leis an gcinneadh gan glacadh leis an moladh ón gCigire a mhíniú. Ní mór aghaidh a thabhairt sna cúiseanna sin ar imthosca iomchuí ar leith an cháis agus ní mór réasúnaíocht an Choimisiúin a mhíniú iontu.

4.5.5 Ag cruinnithe cinnidh an Choimisiúin, d'fhéadfadh saincheisteanna teacht chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cinneadh ar an gcás a chur siar. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin cásanna ina dteastaíonn ón gCoimisiún tuilleadh ama, tuilleadh faisnéise faoin gcás, scaipeadh doiciméadachta, iarraidh ar aighneacht ó chomhlacht forordaithe, nó foilsiú fógraí poiblí. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go dteastódh ón gCoimisiún comhairle dlí nó soiléiriú breise ar phonc sa tuarascáil ón gCigire agus d'fhéadfadh sé tuarascáil aguisín a lorg chun cabhrú leis tuiscint a fháil ar an tsaincheist/na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Sna cásanna sin, taifeadtar an cinneadh chun 'cur siar' ar Thaifead Cruinnithe an Choimisiúin ar an

gcóras bainistíochta cásanna, agus comhlánaítear ordachán ón gCoimisiún ina leagtar amach na cúiseanna leis an gcur siar. Tá sé de rogha ag an gCoimisiún freisin a choncluídí féin ar nithe a chumhdaítear/nach gcumhdaítear sa tuarascáil ón gCigire a mhíniú san ordachán uaidh/sa chinneadh uaidh in ionad dul ar ais chuig Cigire. Féach **Aguisín E** ina leagtar amach prótacail a bhaineann le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dTuarascálacha ó Chigirí agus le neamhghlacadh le moladh ó Chigire.

## 4.6 An tOrdachán ón gCoimisiún

Is é is an tOrdachán ón gCoimisiún annná uirlis riaracháin chun an cinneadh ón gCoimisiún a chur in iúl go hinmheánach laistigh den eagraíocht agus chun gur féidir an tOrdú ón gCoimisiún a dhréachtú. Is féidir go mbeidh foclaíocht an Ordaithe difriúil leis an bhfoclaíocht sin a úsáidtear san Ordachán.

4.6.1 Nuair a dhéanann an Coimisiún cinneadh ag cruinniú comórtha den Choimisiún, déantar an cinneadh a thaifeadadh ar thaifead cruinnithe an Choimisiúin ar an gcóras bainistíochta cásanna. Déanfaidh an Coimisinéir Pleanála ceannais ar sannadh an cás dó di agus atá freagrach as an gcás an cinneadh a rinneadh ag cruinniú an Choimisiúin a dhréachtú tar éis an chruinnithe. Gairtear "Ordachán ón gCoimisiún" den doiciméad dréachtaithe sin agus úsáidtear é chun **an tOrdú ón gCoimisiún** a ullmhú, rud ina leagtar amach an **cinneadh foirmiúil** ón gCoimisiún. (**Aguisín H**). Féadfaidh an Coimisinéir Pleanála ceannais, le linn an phróisis dréachtaithe, dul i gcomhairle leis na Coimisinéirí Pleanála eile atá i láthair, leis an bPríomh-Choimisinéir Pleanála/leis an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála, agus/nó le sainbhaill foirne shinsearacha maidir le poncanna sonraí (e.g., Stiúrthóirí Pleanála nó, nuair nach bhfuil siad ar fáil, an Stiúrthóir Cúnta Pleanála/Baill Foirne Dlí/Baill Foirne Riaracháin Shinsearacha).

4.6.2 Féadfaidh baill foirne dréachtaithe dul i dteagmháil leis an gCoimisinéir Pleanála ceannais freisin chun foclaíocht an Ordaithe ón gCoimisiún a thabhairt chun críche i ndáil le cúiseanna agus cúinsí, i ndáil le cúiseanna leis an diúltú, agus/nó i ndáil le coinníollacha. Déanfar ordú ina leagfar amach an cinneadh a ullmhú ansin agus a chur ar ais chuig an gCoimisinéir Pleanála atá freagrach as é a shíniú. Déantar gluaiseacht an chomhaid a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta cásanna agus ar chlúdach an chomhaid. Tá ordacháin teimpléid agus orduithe teimpléid sa chóras bainistíochta cásanna freisin chun cabhrú le hullmhú na ndoiciméad sin.

4.6.3 I gcás gur cuireadh an cinneadh siar mar gheall ar an ngá atá le tuilleadh faisnéise, le doiciméid a scaipeadh nó le soiléiriú ón gCigireacht ar ní ar leith, déanfaidh an Coimisinéir Pleanála ceannais an chúis leis an gcur siar a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta cásanna, i dTaifead Cruinnithe an Choimisiúin, agus san Ordachán ón gCoimisiún, lena n-áirítear an gníomh atá le déanamh. Déanfaidh an pearsanra riaracháin a fhaigheann an comhad ansin é a shannadh don duine iomchuí/don rannóg iomchuí chun déileáil leis an ordachán.

4.6.4 Más rud é, tar éis cruinnithe ina ndearnadh cinneadh ar achomharc nó ar iarratas díreach, agus roimh shíniú agus séalú an Ordaithe ón gCoimisiún, go dtagann ní de chineál teicniúil nó riaracháin nár breithníodh ag an gcruinniú agus a bhféadfadh go raibh údar le hé a bhreithniú chun cinn, breithneoidh an Coimisinéir Pleanála ceannais an córam bunaidh den Choimisiún a thionól chun an ní a bhreithniú tuilleadh. Mura bhfuil an córam bunaidh de na Coimisinéirí ar fáil, féadfar comhdhéanamh nua Coimisinéirí a chomhaontú leis an bPríomh-Choimisinéir Pleanála/leis an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála. Sa chás sin, ní mór cloí le prótacail rialaithe inmheánaigh i ndáil le gluaiseacht an chomhaid ar an gcóras bainistíochta cásanna/ar chlúdach an chomhaid agus i ndáil le taifead cruinnithe nua ón gCoimisiún, etc.

## 4.7 An TOrdú ón gCoimisiún – An Cinneadh Foirmiúil

Is é an tOrdú ón gCoimisiún an doiciméad reachtúil lena dtugtar éifeacht don chinneadh ón gCoimisiún:

- Mínítear ann na cúiseanna leis an gcinneadh uaidh, lena n-áirítear cúiseanna nár cloíodh leis an moladh ó chigire.
- Liostaítear ann na coinníollacha nó na modhnuithe, más ann dóibh, nach mór cloí leo má dhéantar an cinneadh cead a dheonú.

Nuair a bheidh sé sin curtha i gcrích, déanfaidh an Coimisinéir ceannais nó, in éagmais an Choimisinéara ceannais, Coimisinéir Pleanála eile den chóram cinnteoireachta iomchuí scrúdú ar an Ordú ón gCoimisiún chun a chinntiú go gcomhfhreagraíonn sé i gceart don chinneadh a rinneadh, agus go n-áirítear leis na cúiseanna agus na cúinsí a bhí taobh thiar den chinneadh. Cuirfidh sé nó sí a shíniú nó a síniú leis an doiciméad ansin agus cuirfidh sé nó sí a inisealacha nó a hinisealacha le gach leathanach. Déantar gach leathanach den Ordú ón gCoimisiún a shéalú ansin le séala an Choimisiúin Pleanála. Leis sin, cuirtear deireadh leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Déantar dáta an chinnidh, an cineál cinnidh agus an dáta a cuireadh an tOrdú ón gCoimisiún in iúl do na páirtithe uile a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta cásanna. Taifeadtar an cinneadh ar chlúdach an chomhaid freisin.

4.7.1 De ghnáth, seoltar cóipeanna den Ordú ón gCoimisiún chuig na rannpháirtithe uile sa chás leis an bpost nó, i gcásanna níos mó, cuirtear in iúl do na rannpháirtithe go bhfuil an cinneadh ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

4.7.2 Foilsítear na doiciméid chinnidh, an t-ordachán/na hordacháin agus an t-ordú cinnidh/na horduithe cinnidh ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála.

# 5 Tar éis an Cinneadh a Dhéanamh

## 5.1 Rochtain Phoiblí

Laistigh de thrí lá ón gcinneadh a dhéanamh (síniú an ordaithe ón gCoimisiún), cuirtear an cáschomhad iomlán ar fáil le haghaidh rochtain phoiblí agus is féidir cóipeanna d’aon doiciméid ón gcomhad a cheannach.

5.1.1 Beidh cóip den Ordú agus den Ordachán ón gCoimisiún agus den tuarascáil ón gCigire ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála freisin.

Beidh an cáschomhad iomlán ar fáil chun amharc air ar feadh cúig bliana ar a laghad.

# 6 Athbhreithniú Breithiúnach

6.1 Is é an cinneadh ón gCoimisiún an cinneadh pleanála críochnaitheach ar chás. Ní fhéadfaidh aon duine ar mian leis nó léi agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht aon chinnidh ón gCoimisiún déanamh amhlaidh ach amháin trí athbhreithniú breithiúnach. Tá forálacha mionsonraithe leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, maidir le hathbhreithniú breithiúnach, a bhforáiltear le ceann amháin díobh nach mór aon iarratas ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh laistigh d’ocht seachtaine ó dháta an chinnidh ón gCoimisiún de ghnáth. Féadfaidh an Ard-Chúirt an tréimhse sin a fhadú in imthosca áirithe, áfach.

# 7 Aguisíní

Aguisín A: Cód Iompair

Aguisín B: Prionsabal an liosta leithdháileacháin comhad chun cabhrú le leithdháileadh cuí ar Choimisinéir Pleanála.

Aguisín C: Foirm ag cruinniú den Choimisiún – Deimhniú coinbhleachtaí leasa

Aguisín D: Foclaíocht shamplach do Choimisinéirí Pleanála maidir le coinbhleachtaí ag cruinnithe agus roimh chruinnithe

Aguisín E: Tuarascálacha Cigirí – Prótacail ar leibhéal an Choimisiúin

Aguisín F: An Prótacal maidir le Láithreoireachtaí ó Chigirí ag Cruinnithe an Choimisiúin – Forbairt Bonneagair Straitéisigh agus Mórchásanna

Aguisín G: Aistear comhaid – Mapa Próisis

Aguisín H: Ordachán ón gCoimisiún

**Stair Leasaithe**

| Dáta an Athbhreithnithe | Athruithe arna nDéanamh | Arna Nuashonrú/Arna Cheadú ag |
|---|---|---|
| | | |

## 7.1. Aguisín A: Cód Iompair

Ar fáil ar ár suíomh Gréasáin: https://www.pleanala.ie/ga-ie/publications

## 7.2. Aguisín B: Liosta sannach sannacháin comhad – Coinbhleacht leasa fhéideartha Coimisinéirí Pleanála

- Ar iad a cheapadh, iarrtar ar Choimisinéirí Pleanála suíomhanna nó dlúthchaidrimh nó eagraíochtaí nó cuideachtaí a ainmniú don Oifigeach Eitice agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/don Phríomh-Choimisinéir Pleanála i gcás gur féidir go mbeidh cásanna/comhaid a bhaineann leo sin ina gcúis le coinbhleacht leasa fhéideartha nó le braistint go bhfuil claontacht réadach nó oibiachtúil ann.

- Le halt 574 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2004, arna leasú, ceanglaítear ar Choimisinéir Pleanála gan páirt a ghlacadh in aon chás nó aon ní a bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile (mar a mhínítear sa reachtaíocht) ag an gCoimisinéir Pleanála ann.

- Baineann Rannán 3 den Chód Iompair do Choimisinéirí Pleanála, d’Fhostaithe agus do Dhaoine Áirithe Eile, arna ghlacadh ag an gCoimisiún Pleanála an xxx, le ‘Sannadh Comhad nó Oibre Eile’, agus leagtar amach ann ceanglais ar Choimisinéirí Pleanála gan déileáil go feasach le comhaid áirithe.

- Mar chuid dá chinntiú go gcloítear le coinbhleachtaí leasa nó aon bhraistint go bhfuil claontacht oibiachtúil ann a sheachaint, iarrtar ar Choimisinéirí Pleanála aon réimsí nó aon eagraíochtaí/aon chuideachtaí a ainmniú a mheasann siad a d’fhéadfadh ábhair imní maidir le coinbhleacht leasa/claontacht oibiachtúil a spreagadh ionas nach ndéanfar cásanna a thagann faoi na liostaí sin a leithdháileadh orthu ar an gcéad dul síos.

- Ceadaítear an liosta sin mar chuid den phróiseas riaracháin le haghaidh cásanna a shannadh agus úsáidtear é mar threoir chun a chinntiú nach leithdháiltear comhaid ar bhealach a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa nó le haon bhraistint go bhfuil claontacht oibiachtúil ann.

- Trí na coinbhleachtaí féideartha sin a shainaithint go luath, cabhraítear leis na baill foirne riaracháin iomchuí na comhaid a leithdháileadh go héifeachtúil.
- Déanfaidh an tOifigeach Eitice athbhreithniú foirmiúil ar an liosta agus comhaontóidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/an Príomh-Choimisinéir Pleanála é uair sa bhliain ar a laghad, i gcomhar leis an bpróiseas dearbhuithe bliantúla faoi alt 523 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2004.

- Tá na hiontrálacha sa liosta sin faoi réir athbhreithniú leanúnach, agus tá aon leasú cuí arna dhéanamh ag an gCoimisiún Pleanála faoi réir comhaontú deiridh leis na hiontrálacha molta nó na leasuithe molta ar an liosta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/ag an bPríomh-Choimisinéir Pleanála.

**Stair Leasaithe**

| **Dáta an Chruthaithe/an Athbhreithnithe** | **Athruithe arna nDéanamh** | **Arna Nuashonrú/Arna Cheadú** |
|---|---|---|
| | | |

An Coimisiún Pleanála

## 7.3. Aguisín C: Deimhniú maidir le Coinbhleachtaí Leasa le linn do Choimisinéirí Pleanála cáschomhaid a bhreithniú

**Dáta an Chruinnithe:** ____________________

**Dáta Tosaithe an Chruinnithe:** ____________________

**Uimh. Thag. an Chruinnithe den Choimisiún:** CM-00 ____________________

**Na Coimisinéirí a bhí i Láthair:**

____________________ *(Cathaoirleach)* ____________________

____________________ ____________________

____________________ ____________________

**An cás/na cásanna a breithníodh ag an gcruinniú:**

NÓTA: *Tá cóip den leathanach tosaigh achoimre den Tuarascáil ón gCigire nó den mheabhrán/den chlúdach tosaigh den cháschomhad i gcás cead chun achomharc/iarraidh ar éisteacht ó bhéal a dhéanamh (agus aon aguisíní ina liostaítear ainm na bpáirtithe/na mbreathnóirí, etc.) le haghaidh gach cáis le scaipeadh ar gach Coimisinéir Pleanála atá i láthair lena mbreithniú agus tá cóip de gach ceann díobh sin le ceangal leis an bhfoirm seo mar thaifead.*

ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________

ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________

ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________

ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________ ABP/ACP-__________

Ag an gCruinniú den Choimisiún, dheimhnigh gach Coimisinéir a bhí i láthair gurbh amhlaidh, de réir mar ab fhearr ab eol dóibh, nach raibh aon choinbhleacht leasa acu sna cásanna atá liostaithe thuas, de réir bhrí na gcód iomchuí is infheidhme maidir le Coimisinéirí Pleanála, eadhon forálacha ailt 150 go 523 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, arna leasú, agus forálacha an Achta um Eitic, 2001, arna leasú.

Sínithe ag gach Coimisinéir Pleanála a bhí i láthair:

____________________ ____________________

____________________ ____________________

____________________ ____________________

**Tá an fhoirm chomhlánaithe seo le cur ar ais chuig an bPríomh-Choimisinéir Pleanála chun críocha coinneála.**

## 7.4. Aguisín D: Coinbhleacht Leasa:Mír 4 den Chód Iompair - Leibhéal an Choimisinéara

### 1. Tagann coinbhleacht leasa chun cinn lasmuigh de chruinniú den Choimisiún

Féadfaidh Coimisinéir Pleanála ábhar imní a tharraingt anuas leis an bPríomh-Choimisinéir Pleanála nó leis an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála i ndáil le coinbhleacht leasa fhéideartha i gcás ar leith. Má thagann an cás sin chun cinn, déanfaidh an Príomh-Choimisinéir Pleanála/an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála rialú ar an ní agus ceanglaítear freisin nóta a sheoladh chuig an Oifigeach Eitice chun críocha taifeadta.Foclaíocht shamplach – nóta chuig an Oifigeach Eitice ón bPríomh-Choimisinéir Pleanála/ón Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála

"De réir Rannán 4.1.5 den Chód Iompair, tharraing Coimisinéir Pleanála (AINM) coinbhleacht leasa fhéideartha anuas lasmuigh de Chruinniú den Choimisiún, i ndáil le comhad a leithdháileadh go foirmiúil ar an gCoimisinéir sin.

Ba faoi threoir Rannán 2.3 (claontacht oibiachtúil) a bhí an choinbhleacht leasa fhéideartha.Tar éis dom an tsaincheist a bhreithniú, chinn mé go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann faoi cháiréis mhór.Ós rud é gur deimhníodh sa chinneadh uaim go bhfuil coinbhleacht leasa fhéideartha ann faoi cháiréis mhór, thug mé ordú don Choimisinéir Pleanála an comhad a chur ar ais lena ath-leithdháileadh ar Choimisinéir ar leith agus dheimhnigh mé don Choimisinéir Pleanála nach ceadmhach dó nó di déileáil leis an gcinneadh ar an gcás seo ná aon pháirt a ghlacadh ann. De réir Rannán 4.1.6 den Chód Iompair, chomhlánaigh mé an meabhrán i scríbhinn seo ar thoradh an chinnidh uaim agus táim á sheoladh chugat chun críocha taifeadta."

### 2. Tagann coinbhleacht leasa chun cinn ag cruinniú den Choimisiún

Le linn cruinnithe den Choimisiún, is féidir go dtarlóidh sé go measann Coimisinéir Pleanála go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith aige nó aici i ndáil le cás ar leith. Ní mór é sin a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta cásanna chun lán-trédhearcacht a chinntiú.

Tá an fhoclaíocht shamplach thíos a bhaineann le Rannán 4.1.6 den Chód Iompair 2025 le cur isteach sa chóras bainistíochta cásanna ar Thaifead Cruinnithe an Choimisiúin, ag brath ar an tsaincheist ar leith a thagann chun cinn.

A. Tharraing Coimisinéir Pleanála coinbhleacht leasa fhéideartha anuas ag an gcruinniú Coimisinéirí seo, faoina threoir seo a leanas:
*(scrios de réir mar is cuí)*

(a) Rannán 2.2 (nochtadh leasanna)
(b) Rannán 2.3 (claontacht oibiachtúil)

B. Chinn Cathaoirleach an Chruinnithe den Choimisiún:
*(scrios de réir mar is cuí).*

(a) nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann,
(b) go bhfuil coinbhleacht leasa ann,
(c) go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann faoi cháiréis mhór.

*C. (scrios de réir mar is cuí)*

(a) Ós rud é gur deimhníodh sa chinneadh nach raibh aon choinbhleacht leasa ann, lean an Cruinniú den Choimisiún de dhéileáil leis an gcomhad.

(b) Ós rud é gur deimhníodh sa chinneadh go raibh coinbhleacht leasa/coinbhleacht leasa fhéideartha ann faoi cháiréis mhór *(scrios de réir mar is cuí)*, tarraingíodh an comhad siar ón gcruinniú agus ní dhéileálfaidh an Coimisinéir iomchuí leis an gcinneadh ar an gcás seo ná ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt ann. Cuirfidh an Coimisinéir Pleanála an tOifigeach Eitice ar an eolas i scríbhinn dá réir sin.*

## 3. An nóta atá le seoladh chuig an Oifigeach Eitice – foclaíocht shamplach

I gcás go ndeimhnítear coinbhleacht leasa/coinbhleacht leasa fhéideartha faoi cháiréis mhór ag Cruinniú den Choimisiún agus go luaitear í i dTaifead Cruinnithe an Choimisiúin, ba cheart an téacs seo a leanas a chur i gcomhfhreagras arna sheoladh ag an gCoimisinéir Pleanála iomchuí chuig an Oifigeach Eitice. Coinneoidh an tOifigeach Eitice an comhfhreagras chun críocha taifeadta.

**Chuig an Oifigeach Eitice**

Cuireadh in iúl ag Cruinniú den Choimisiún a tionóladh an XX/YY/ZZ, rud a raibh mé i láthair aige, go raibh sé beartaithe comhad ACP X a chur i láthair.

De réir fhorálacha an Chóid Iompair, nocht mé coinbhleacht leasa/coinbhleacht leasa fhéideartha faoi cháiréis mhór *(scrios de réir mar is cuí)* faoi threoir Rannán 2.2 (nochtadh leasanna)/Rannán 2.3 (claontacht oibiachtúil) *(scrios de réir mar is cuí)* do chathaoirleach an Chruinnithe den Choimisiún.

Chinn cathaoirleach an Chruinnithe den Choimisiún, faoi cháiréis mhór *(scrios de réir mar is cuí)*, gurbh amhlaidh a bhí coinbhleacht leasa/coinbhleacht leasa fhéideartha den sórt sin ann sa chás seo.

Dá bhrí sin, tarraingíodh an **comhad** siar ón gcruinniú.

Deimhním nach ndéileálfaidh mé leis an gcinneadh ar an gcomhad seo agus nach nglacfaidh mé aon pháirt ann agus nach bhfaighidh mé rochtain ar aon taifid a bhaineann leis an gcás seo sula ndéanfar an cinneadh a chur i gcrích agus a eisiúint chuig na páirtithe agus/nó chuig na breathnóirí.

**Stair Leasaithe**

| **Dáta an Athbhreithnithe** | **Athruithe arna nDéanamh** | **Arna Nuashonrú/Arna Cheadú ag** |
|---|---|---|
| | | |

## 7.5. Aguisín E: Tuarascálacha Cigirí (leasuithe, aguisíní agus gan glacadh le moladh ó Chigire)

1. Príomhghné d'oibríochtaí an Choimisiúin Pleanála is ea go mbíonn beagnach gach cás pleanála nó beagán gach cás gaolmhar a thagann os a chomhair faoi réir próisis ina ndéanann Cigire Pleanála tuarascáil i scríbhinn ina bhfuil moladh ar an gcás, agus aird á tabhairt ar na cúinsí pleanála iomchuí uile, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ón bpobal.
2. Fostaítear cigirí chun a mbreithiúnas gairmiúil féin a úsáid agus cásanna á measúnú acu agus chun teacht ar chonclúid agus ar mholadh atá bunaithe ar fheidhmiú a mbreithiúnais ghairmiúil phearsanta neamhspleách.
3. **Leasuithe ar Thuarascálacha Cigirí**

3.1 Aithnítear go mbíonn cásanna ann inar féidir go mbeidh earráid nó easnamh ann i dtuarascáil ó Chigire. Aithnítear freisin gur féidir go n-éileoidh an Coimisiún leasuithe ar thuarascáil nó aguisín léi. Ní mór gach ceann de na cásanna sin a dhoiciméadú ar bhealach lán-trédhearcach ar an gcáschomhad.

**<u>Tar éis Tuarascáil a Scaoileadh agus Roimh Bhreithniú a Dhéanamh ar Chás ag Cruinniú den Choimisiún</u>**

Is féidir go dtiocfaidh sé chun solais tar éis do Chigire tuarascáil a scaoileadh go bhfuil earráidí nó easnaimh inti a d'fhéadfaí a leigheas le <u>mion</u>leasuithe. Is féidir go dtabharfaidh an Cigire é nó í féin iad sin faoi deara tar éis an tuarascáil a scaoileadh, nó is féidir go dtarraingeoidh fostaí nó comhalta eile den Choimisiún a aird nó a haird orthu.

I gcásanna den sórt sin (sula mbreithneofar iad ag cruinniú den Choimisiún), i gcás go bhfuil fonn ar an gCigire na hearráidí sin/na heasnaimh sin a cheartú, is féidir leis an gCigire tuairiscithe an tuarascáil a nuashonrú tríd an leagan ceartaithe den tuarascáil **a chur in ionad** na tuarascála scaoilte bunaidh. Ba cheart an leagan ceartaithe a shíniú agus a dhátú ansin ar an lá a rinneadh an tuarascáil chríochnaitheach (i.e., an leagan leasaithe/nuashonraithe). **Ní mór** meabhrán a chur leis an gcomhad ina leagtar an méid sin amach chun lán-trédhearcacht ar an gcomhad a chinntiú.

Tá teimpléad meabhráin faoi iamh in Aguisín 1.

Níor cheart tuarascálacha a shiardhátú. Ba cheart freisin nóta a chur leis an réimse inste cáis den chóras bainistíochta cásanna a bhaineann leis an gcás ar leith. Ba cheart a chur in iúl sa nóta sin gur chuir an Cigire an tuarascáil chríochnaitheach uaidh nó uaithi faoi bhráid an Choimisiúin ar an lá a dátaíodh an leagan **nuashonraithe/athsholáthartha**. Is í an tuarascáil **chríochnaitheach** ón gCigire, atá sínithe, dátaithe agus curtha ar comhad, a bheidh sa tuarascáil a mbreithneoidh an Coimisiún í ag a chruinniú (**ailt 134A agus 146(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt**).

3.2 I gcás go dtagann aon saincheist den sórt sin chun cinn nuair atá Coimisinéir ag athbhreithniú comhaid sula mbreithneofar é ag Cruinniú den Choimisiún, féadfaidh Coimisinéir meabhrán i scríbhinn a cheangal leis an gcomhad ina leagtar amach an tsaincheist atá idir lámha agus a bhfuil aghaidh le tabhairt uirthi ag an gCigire. Ba cheart an comhad a chur ar ais go foirmiúil chuig an gCigire ansin trí Lucht Bainistíochta na Cigireachta lena cheartú.

4. **<u>Breithniú a Dhéanamh ar Chás ag Cruinniú den Choimisiún</u>**

Ag cruinniú comórtha den Choimisiún ina bhfuil cás á bhreithniú, féadfaidh Coimisiún a chinneadh gur mhaith leis go gcumhdódh Cigire gné éigin den chás ar bhealach níos mine, go soiléireodh an Cigire ní éigin, go dtabharfadh an Cigire aghaidh ar shaincheist nua nó go gceartódh an Cigire earráid. Tá sé sin lándlisteanach, ach ní mór é a dhéanamh go trédhearcach ar an mbealach seo a leanas:

- Ní mór don Choimisinéir atá i gceannas ar an gcomhad an cinneadh a thaifeadadh go foirmiúil ar an Ordachán ón gCoimisiún, áit a léirítear an cinneadh a rinneadh ag an gcruinniú agus a gabhadh ar Thaifead Cruinnithe an Choimisiúin, i.e., cuireadh an cinneadh siar, agus ansin ní mór don Choimisinéir cineál na saincheiste atá idir lámha a leagan amach (san Ordachán), e.g., tuarascáil fhorlíontach/aguisín, nó, i gcásanna neamhchoitianta, tuarascáil leasaithe (i gcás gur féidir gur tháinig saincheisteanna cáilíochta chun cinn).

- Coinnítear an tuarascáil bhunaidh a cuireadh os comhair an Choimisiúin ar an gcomhad sna cásanna sin, agus ba cheart an tOrdachán dáta na tuarascála a leanúint in ord croineolaíoch.
- Ní féidir dátaí na dtuarascálacha a athrú tar éis scaoileadh na tuarascála forlíontaí/aguisín.
- Tá sé sin le taifeadadh ar thaifead cruinnithe an Choimisiúin freisin.
- Cuirtear na hOrdacháin fhoirmiúla uile den sórt sin ar an gcomhad agus cuirtear ar ais chuig an gCigire iad go foirmiúil trí Lucht Bainistíochta na Cigireachta.
- Tá na prótacail inmheánacha uile a bhaineann le gluaiseachtaí comhad le cur i gcrích.

Tá sé de rogha ag an gCoimisiún freisin aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sa chinneadh uaidh **in ionad** dul ar ais chuig Cigire.

5. Má iarrtar tuarascáil fhorlíontach/aguisín in Ordachán ón gCoimisiún, ní mór cruinniú eile den Choimisiún a thionól chun í a bhreithniú mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

- Ní mór cinntí a rinneadh ag cruinnithe a thaifeadadh in **Ordacháin** ar bhealach ar a léirítear ord na n-imeachtaí.
- Ní mór tagairt a dhéanamh do gach tuarascáil ó Chigirí a chuirtear os comhair an Choimisiúin ag a chruinnithe sna hOrdacháin uaidh agus ní mór iad a choinneáil ar chomhad mar dhoiciméid a cuireadh os a chomhair agus a bhreithnigh sé (alt 146(5) den Acht um Pleanáil agus Forbairt).
- Ní féidir aon athrú a dhéanamh ar thuarascáil chríochnaitheach ó Chigire tar éis an chruinnithe den Choimisiún chun an cás a chinneadh.
- Tá oibleagáid ann faoin Acht gach cinneadh a thaifeadadh go cruinn mar atá intuigthe faoin Acht (alt 111(7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt).

**Gan Glacadh le Moladh ó Chigire**

6. Mar chinnteoirí, tá na Coimisinéirí i dteideal imeacht ón moladh ó Chigire. I gcás go bhfuil an cinneadh ón gCoimisiún ar chead a dheonú nó a dhiúltú difriúil leis an moladh ón gCigire, tá oibleagáid reachtúil ar an gCoimisiún na príomhchúiseanna

leis an gcinneadh gan glacadh leis an moladh ón gCigire go ndeonófaí cead nó go ndiúltófaí cead a chur in iúl.

Is leagtha amach thíos atá samplaí de roinnt cásanna féideartha inar féidir go dtiocfaidh sé sin chun cinn, ach déileáiltear le gach cás ar a fhiúntas féin agus, mar sin, is féidir go mbeidh cásanna eile níos cuí. Áirítear iad seo a leanas le samplaí d'ordacháin den sórt sin:

- neamhréireacht le beartais náisiúnta phleanála nó le beartais pleananna forbartha áitiúla de chuid údaráis phleanála áitiúla;
- mainneachtain oibleagáidí idirnáisiúnta faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi Choinbhinsiún Aarhus a bhreithniú nó a chur i bhfeidhm i gceart;
- mainneachtain nithe a chuir na páirtithe uile sa chás pleanála isteach a bhreithniú;
- mainneachtain cloí le ceanglais nós imeachta maidir le próis chuí;
- neamhréireacht le cinntí comhchosúla eile (mura dtugtar údar oibiachtúil leo agus mura dtugtar míniú oibiachtúil orthu);
- easnaimh shoiléire nó earráidí fíorais nó beartais;
- earráid fhollasach eile;
- cás ina bhfuil breithiúnas pleanála foriomlán difriúil ag an gCoimisiún agus ina bhfeidhmíonn sé é; agus
- mainneachtain aird chuí cheart a thabhairt ar dhlí-eolaíocht na gCúirteanna (maidir leis an gcomhairle arna tabhairt ag an Aonad Seirbhísí Dlí).

**Stair Leasaithe**

| Dáta an Chruthaithe/an Athbhreithnithe | Athruithe arna nDéanamh | Arna Nuashonrú/Arna Cheadú |
|---|---|---|

## Aguisín 1: Teimpléad Meabhráin

An Coimisiún Pleanála

# Meabhrán le Comhdú

**Ó:**

**Maidir:**

**le:**

**Dáta:**

Rinneadh an tuarascáil uaim a scaoileadh ar dtús an xxx a nuashonrú toisc go raibh roinnt earráidí agus easnamh sa tuarascáil uaim.

Is í an tuarascáil leasaithe uaim dar dáta (dáta nua) an leagan ceartaithe críochnaitheach den tuarascáil uaim anois.

Deimhním go bhfuil an tuarascáil seo ina léiriú ar mo mheasúnú gairmiúil pleanála, ar mo bhreithiúnas gairmiúil pleanála agus ar mo thuairim ghairmiúil pleanála ar an ní a sannadh dom agus nach ndearna aon duine difear dom, agus nár fhéach aon duine le difear a dhéanamh dom, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, ar bhealach míchóir nó míchuí tar éis an mheasúnaithe ghairmiúil agus an mholta ghairmiúil uaim atá leagtha amach sa tuarascáil uaim.

## 7.6. Aguisín: Prótacal 1 Láithreoireacht do Choimisinéirí – Forbairt Bonneagair Straitéisigh agus mórchásanna eile

An Coimisiún Pleanála

**Protocol 1 Láithreoireacht do Choimisinéirí – Forbairt Bonneagair Straitéisigh agus mórchásanna eile**

Sa nóta seo, tugtar treoir/comhairle nós imeachta do Chigirí maidir le láithreoireachtaí foirmiúla ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh nó ar Mhórchás a thabhairt don Choimisiún.

**Prionsabail Ghinearálta**

- Tá sé tábhachtach seasamh neodrach a choinneáil agus an t-ábhar á chur i láthair chun oibiachtúlacht a chinntiú.
- Ba cheart cothromaíocht a bhaint amach idir gontacht/éifeachtúlacht agus a chinntiú go gcumhdaítear an fhaisnéis iomchuí ar fad, go háirithe i gcás cásanna móra a bhfuil méideanna suntasacha ábhair iontu.
- Ba cheart an láithreoireacht a bheith bunaithe ar an tuarascáil ón gCigire suas go dtí Céim an Mheasúnaithe, gan aon fhaisnéis/anailís nua a bheith inti.
- Níor cheart aon tagairt a dhéanamh d'aon fhaisnéis nach bhfuil ar fáil ar an gcomhad.
- Féadfar láithreoireachtaí PowerPoint a úsáid i gcásanna áirithe. Má úsáidtear iad, tá cóip den láithreoireacht le cur ar an gcomhad.

**Ábhar na Láithreoireachta**

Go ginearálta, ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa láithreoireacht:

8 Réamhrá

- Ba cheart an méid seo a leanas a chur in iúl sa sleamhnán Brollaigh:
  - » Ullmhaíodh na sleamhnáin seo chun cabhrú leis an gCigire Tuairiscithe an cás seo a chur i láthair do na Coimisinéirí Pleanála ag cruinniú den Choimisiún.
  - » Níl sna sleamhnáin beartaithe ach amháin mar áis chun méid mór ábhair chasta a chur i láthair. Ní taifead cuimsitheach ná iomlán ar na hábhair arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin iad agus níor cheart glacadh leo mar sin.
  - » Tá an comhad iomlán agus an tuarascáil ón gCigire ar an gcás seo os comhair an Choimisiúin lena mbreithniú aige.

**9 Réamh-mhionsonraí**

- Mionsonraí faoin gcineál cáis, *e.g.*, Gnáthachomharc Pleanála, Forbairt Bonneagair Straitéisigh den Seachtú Sceideal, Forbairt Bonneagair Straitéisigh Leictreachais, etc.
- Suíomh na forbartha agus tuairisc achomair ar an bhforbairt (an léirítear an tuairisc go cruinn i bhfógraí poiblí nó nach léirítear, aon saincheisteanna gaolmhara a tháinig chun cinn in aighneachtaí atá ar comhad)
- Luaigh aon stádas mar Thionscadal Leasa Choitinn/aon ghníomhaíocht incheadúnaithe de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil/aon saincheisteanna Seveso de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta/aon saincheisteanna trasteorann a tháinig chun cinn de réir mar is iomchuí, agus deimhnigh na nósanna imeachta glactha.
- An bhfuil sé amhlaidh gur taisceadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta? Tá/Níl
- An bhfuil sé amhlaidh gur taisceadh Ráiteas Tionchair Natura? Tá/Níl
- Ráitis/Doiciméid tacaíochta eile a taisceadh.

**10 Forbhreathnú ar an bPróiseas Iarratais**

- Tabhair forbhreathnú achomair ar an amlíne fhoriomlán agus achoimre ar phríomhchéimeanna an cháis, lena n-áirítear an comhchomhairliúchán réamhiarratais (aon saincheisteanna iomchuí a eascraíonn as an Ordachán ón gCoimisiún maidir le stádas mar Bhonneagar Straitéiseach), iarrataí ar thuilleadh faisnéise, ceanglais nua maidir le fógraí poiblí agus aon aighneachtaí breise gaolmhara, gan aon chinneadh ar mholadh i ndáil le héisteacht ó bhéal, fad na héisteachta ó bhéal, etc.
- Luaigh aon sainchomhairleoirí a ceapadh agus a réimse saineolais.

**11 Suíomh/Comhthéacs**

- Luaigh pleananna suímh, ailíniú an bhealaigh, leagan amach an láithreáin, agus tagairt á déanamh do léarscáileanna atá ar comhad agus do ghrianghraif den láithreán/léarscáileanna Google, etc., de réir mar is gá
- Luaigh patrún na forbartha láithrí (agus na forbartha ceadaithe) agus aon ghnéithe suntasacha.

**12 An Tionscadal/an tIarratas**

- Líníochtaí: luaigh ailíniú an bhealaigh, leagan amach an láithreáin, agus ina dhiaidh sin aon phleananna tábhachtacha, aon ingearchlónna tábhachtacha, aon chodanna tábhachtacha, etc.
- Tagair don fháil ar Fhótamontáisí/ar Shamhail má tá siad ar áireamh
- Luaigh príomh-shaintréithe na forbartha (e.g., cineál, scála, achar, fad, dearadh, teicneolaíocht, ionchuir/aschuir de réir mar is iomchuí).

**13 Aighneachtaí**

- Luaigh an líon aighneachtaí agus déan achoimre achomair ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn i ndáil le tacú le forbairt nó le hagóid a dhéanamh ina haghaidh
- Luaigh aon aighneachtaí ón Údarás Pleanála/ó Údaráis Phleanála
- Luaigh aon aighneachtaí suntasacha ó Chomhlachtaí Forordaithe.

## 14 Stair Beartais/Pleanála

- Treoirlínte/beartas idirnáisiúnta/náisiúnta i gcás gurb iomchuí
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha
- Beartas Plean Forbartha
- Luaigh an stair pleanála, agus díriú á leagan ar chinntí iomchuí a rinneadh le déanaí ar an láithreán nó sa chomharsanacht.

## 15 Breithniú an Choimisiúin

a. Freagair ceisteanna atá bunaithe ar ábhar an chomhaid agus ar an anailís agus an measúnú


b. Fágfaidh an Cigire an cruinniú roimh phléití na gCoimisinéirí Pleanála

**Stair Leasaithe**

| Dáta | Athrú | Arna Cheadú ag |
|---|---|---|

Samhain 2025

## 7.7. Appendix G: Journey of a file – Process Map



## 7.8. Aguisín H: Nósanna Imeachta Cinnteoireachta – Samhain 2025

An Coimisiún Pleanála

# Ordachán ón gCoimisiún

**Cinneadh**

Breithníodh na haighneachtaí ar an gcomhad seo agus an tuarascáil ón gCigire ag cruinniú den Choimisiún a tionóladh an XXXXX.

Chinn an Coimisiún cead a xxxxxx, de réir an mholta ón gCigire/gan a bheith de réir an mholta ón gCigire go ginearálta, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí seo a leanas.

| **Coimisinéir Pleanála** | ______________________________ | **Dáta:** |
|---|---|---|

**<u>DRÉACHT-FHOCLAÍOCHT LE hAGHAIDH ORDAITHE</u>**

**Cúiseanna agus Cúinsí**